2025/2577

22.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2577 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Nollaig 2025

lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe agus ag an Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil i ndáil le hEisiúint 3 de Chóras Rialaithe Allmhairí 2

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 8768)

(Is iad na téacsanna Béarla, Fionlainnise, Fraincise, Gaeilge, Gréigise, Iodáilise, Liotuáinise, Spáinnise, Sualainnise agus Ungáirise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(4) i gcomhar le hAirteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCód Custaim,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ceanglaítear gur trí leas a bhaint as teicnící leictreonacha próiseála sonraí a dhéanfar na malartuithe go léir ar fhaisnéis idir údaráis chustaim agus idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis chustaim, agus an stóráil a éilítear i dtaca le faisnéis den sórt sin faoin reachtaíocht chustaim. Chun na críche sin agus i gcomhréir le hAirteagal 6(2) den Rialachán sin, dréachtaíonn an Coimisiún comhcheanglais maidir le sonraí.

(2) Foráiltear in Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go bhféadfadh an Coimisiún cinntí a ghlacadh i gcásanna eisceachtúla chun a cheadú do Bhallstát amháin nó do roinnt Ballstát maolú ar úsáid teicnící leictreonacha próiseála sonraí chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil, má tá bonn cirt leis an maolú sin de bharr staid shonrach an Bhallstáit iarrthaigh agus má dheonaítear é ar feadh tréimhse shonrach ama.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún ([2]), bunaítear an clár oibre a bhaineann le forbairt agus cur chun feidhme na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais ('an clár oibre'). Liostaítear sa chlár oibre na córais leictreonacha atá le forbairt agus na dátaí óna meastar go mbeidh na córais sin oibríochtúil. Chomh maith le nithe eile, sonraítear sa chlár oibre sin an tréimhse cur chun feidhme agus imscartha le haghaidh Chóras Rialaithe Allmhairí 2 i gcomhréir le hAirteagal 6(1) agus le hAirteagail 16, 46, 47 agus 127 go 132 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(4) Thairis sin, sonraítear in Airteagal 278(3), pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 an sprioc-am a bhféadfar, go dtí é, leas a bhaint, ar bhonn idirthréimhseach, as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun na forálacha a chur chun feidhme a bhaineann le dearbhuithe iontrála achoimre agus le hanailís riosca i ndáil le teacht isteach earraí i gcríoch chustaim an Aontais.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.
([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena mbunaítear an Clár Oibre a bhaineann le forbairt agus cur chun feidhme na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais (IO L 2023/2879, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2879/oj).

(5) I gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú um Tharraingt Siar ([3]) agus le hAirteagal 13 de Chreat Windsor ([4]), tá an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann i dteideal maolú a iarraidh freisin de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(6) I gcomhréir leis an gclár oibre, tá na Ballstáit le bheith réidh tráth nach déanaí ná 1 Meán Fómhair 2025 chun dearbhuithe iontrála achomair arna mbailiú ó oibreoirí eacnamaíocha le haghaidh earraí arna n-iompar trí thrácht ar bóthar agus ar iarnród a mhalartú agus a stóráil, lena n-áirítear earraí i gcoinsíneachtaí poist arna n-iompar trí na modhanna iompair sin. Ón dáta sin ar aghaidh, dáta ar a mbeidh deireadh thréimhse imscartha chéim 3 d'eisiúint 3 de Chóras Rialaithe Allmhairí 2 UCC ann, soláthróidh Ballstáit an deis d'oibreoirí eacnamaíocha nascadh leis an gcóras agus, ó dháta a nasctha ar aghaidh, cuirfidh na Ballstáit ceanglas orthu dearbhuithe iontrála achomair a chur isteach trí leas a bhaint as an gcóras sin.

(7) Mar sin féin, tá roinnt cúinsí sonracha agus a n-éifeachtaí leanúnacha tar éis teacht chun solais san Aontas Eorpach. Tá sé cruthaithe go raibh tionchar díréireach ar Bhallstáit agus ar oibreoirí eacnamaíocha áirithe seachas a chéile ag an gcogadh leanúnach san Úcráin agus ag an ngá feidhmiú gan bhriseadh a áirithiú do Lánaí Dlúthpháirtíochta na hÚcráine, ag an ngá Córas Rialaithe Allmhairí 2 a lánpháirtiú le córais teorainneacha cliste, ag an líon mór oibreoirí eacnamaíocha a mbíonn deacrachtaí acu clárúchán a fháil ó Bhallstát chun nascadh le córais TF, ag castacht uathúil agus ag an tábhacht a bhaineann le himscaradh Chóras Rialaithe Allmhairí 2 agus na n-acmhainní is gá don idiroibríocht le córais náisiúnta, agus le comhéadain, do Bhallstáit agus d'oibreoirí eacnamaíocha araon, chomh maith le cineál sonrach casta na modhanna iompair a raibh tionchar ag an imscaradh seo orthu, lena n-áirítear foirmeacha ilmhódacha. Is iad na Ballstáit a bhfuil tionchar ag an méid seo orthu na cinn ina bhfuil slándáil agus sábháilteacht ríthábhachtach iontu, a mhéid a bhaineann le hiompar earraí trí thrácht ar bóthar agus ar iarnród, agus dá bhrí sin bíonn gá le réiteach láidir sna Ballstáit seo chun an deimhneacht dlíthiúil, an leanúnachas gnó agus aistriú rianúil i dtreo chomhlíonadh cheanglais chéim 3 d'Eisiúint 3 de Chóras Rialaithe Allmhairí 2 a áirithiú.

(8) Leis na cúinsí sonracha seo cuireadh cosc ar Bhallstáit áirithe, agus ar an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, na ceanglais nua maidir le dearbhuithe iontrála achomair a bhfuil Céim 3 d'Eisiúint 3 de Chóras Rialaithe Allmhairí 2 mar bhonn taca leo a chur i bhfeidhm faoin 1 Meán Fómhair 2025. Dá bhrí sin, i mí Lúnasa 2025, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, an Fhionlainn agus an Ríocht Aontaithe, d'iarr siad go foirmiúil i ndáil le Tuaisceart Éireann, leas a bhaint as bealaí eile le faisnéis a mhalartú agus a stóráil seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 6(4), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, níor cheart é a theacht de na maoluithe sin go ndéanfaí difear don mhalartú faisnéise idir na Ballstáit chuig a ndírítear í agus Ballstáit eile ná do mhalartú agus stóráil faisnéise i mBallstáit eile, ná sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, chun an reachtaíocht chustaim a fheidhmiú.

(10) Tabharfaidh Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, an Fhionlainn agus an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann fógra don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na gceanglas nua maidir le dearbhuithe iontrála achomair faoi Eisiúint 3 de Chóras Rialaithe Allmhairí 2 i ndáil le hearraí arna n-iompar de bhóthar agus ar iarnród mar chuid den phróiseas tuairiscithe ar dhul chun cinn a leagtar síos in Airteagal 278a de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Tá cumarsáid agus comhroinnt na faisnéise pleanála náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 le háirithiú freisin.

(11) Mar gheall ar thábhacht Chóras Rialaithe Allmhairí 2 maidir le cur chuige comhtháite de chuid an Aontais a bhunú chun an bhainistíocht riosca custaim a threisiú agus chun an tslándáil agus an tsábháilteacht réamhtheachta a áirithiú, agus saorshreabhadh na trádála dlisteanaí á éascú san am céanna, agus mar gheall ar chineál agus ar chastacht Chóras Rialaithe Allmhairí 2, i dtaca le córais TF ghaolmhara nó spleácha eile, beidh iarmhairtí ag na hathruithe is gá a dhéanamh chun ceanglais Chód Custaim an Aontais a ailíniú. Dá bhrí sin, ba cheart fad thréimhse an mhaolaithe a choinneáil chomh gearr agus is féidir. I bhfianaise an mhéid sin agus ag féachaint do thionchair na n-imthosca sonracha ba chúis le moilleanna ar fhorbairtí leanúnacha TF Eisiúint 3 de Chóras Rialaithe Allmhairí 2 i mBallstáit agus ag féachaint do staid reatha na bhforbairtí sin, ba cheart an maolú a bheith ann go ceann tréimhse nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025.

([3]) Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/treaty/withd_2020/sign).

([4]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor [2023/819] (IO L 102 17.4.2023, lch. 61, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/819/oj).

(12) Ó tharla gurb é an 1 Meán Fómhair 2025 deireadh na tréimhse imscartha de chéim 3 d'eisiúint 3 de Chóras Rialaithe Allmhairí 2, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme seo a bheith i bhfeidhm ón dáta sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, an Fhionlainn agus an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, féadfaidh siad leas a bhaint as bealaí eile le faisnéis a mhalartú agus a stóráil seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha faoin gcomhpháirt choiteann d'eisiúint 3 den chóras leictreonach dá bhforáiltear in Airteagal 182 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([5]) ón gCoimisiún, ar choinníoll nach ndéanfaidh úsáid bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha difear don mhalartú faisnéise idir na Ballstáit ar a bhfuil sí dírithe agus Ballstáit eile, nó an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, ná don mhalartú agus stóráil faisnéise i mBallstáit eile, nó an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, chun an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm.

2. Chun an coinníoll dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a chomhlíonadh, na Ballstáit, agus an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, bainfidh siad leas as Córas Rialaithe Allmhairí 1 chun dearbhuithe iontrála achomair a thaisceadh, i gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

3. Cuirfidh oifig chustaim Bhallstáit, nó na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart na hÉireann, dá ndeonaítear maolú dá bhforáiltear i mír 1, torthaí an rialaithe a dhéanann sí in iúl d'údaráis chustaim na mBallstát eile, nó na Ríochta Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, i gcomhréir le hAirteagal 186(7a) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, trí leas a bhaint as an gcóras leictreonach CBRC dá dtagraítear in Airteagal 36(1) agus (2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 3

Is chuig Éirinn, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Liotuáine, an Ungáir, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, i ndáil le Tuaisceart Éireann, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Maroš ŠEFČOVIČ
Comhalta den Choimisiún

([5]) I gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, p. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).